Gaeilge i nGnó

Tuairisc ar úsáid agus forbairt na
Gaeilge sa Ghnó agus sna hEagraíochtaí Pobail
i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

Muinchrónáin

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

Foras na Gaeilge

Contents

- Achoimre Fheidhmeach _____ Lch 3

- Réamhrá _____ Lch 4

  Comhairle Contae Átha Cliath Theas

  Muintir Chrónáin Teo

- Gaeilge i nGnó – An Ghaeilge sa Ghnó agus sa Phobal _____ Lch 5

  Cúlra

  Cuspóirí

  Comhpháirtí agus Tacadóirí

- Cur Chuige Taighde & Torthaí _____ Lch 6

- Conclúidí / Moltaí _____ Lch 10

  Aguisín: Foireann Taighde

Achoimre Fheidhmeach

- Tá athruithe go mór teacht ar íomhá na Gaeilge sna blianta beaga anuas agus tá sé sin léirithe ón méid daoine a labhraíonn agus a fhoghlaimíonn an teanga, ní hamháin in Éireann, ach thar timpeall an domhain.

- Is í an Ghaeilge teanga an phobail sna ceantair Ghaeltachta agus feictear go bhfuil an dúil atá ag an bpobal sa teanga ag éirí níos láidre taobh amuigh dos na Gaeltachta. Dar leis an Daonáireamh sa bhliain 2002 tá Gaeilge ag 1.57 milliún duine i bPoblacht na hÉireann agus deir 10.4% de na daoine go bhfuil eolas dá shórt acu ar an nGaeilge. Léiríonn Suirbhéanna go bhfuil cion mór ar an nGaeilge i measc an phobail agus ní hé sin amháin i measc daoine a bhfuil Gaeilge acu.

- Is é an coincheap atá taobh thiar de 'Gaeilge i nGnó' ná úsáid gníomhach na Gaeilge a chruthú agus a spreagadh sa ghnó agus i measc grúpaí pobal i gContae Bhaile Átha Cliath Theas. Creidimid go láidir gur féidir le 'Gaeilge i nGnó' luach breise suntasach eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a chur ar fhorbairt Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

- Chuir 78% a ghlac páirt sa suirbhé in iúl go bhfuil mian láidir orthu níos mó Gaeilge a fheiceáil ina ngnó agus ina bpobal féin.

- Léirigh an suirbhé gur mhaith leis an gcuid is mó d'fhreagróirí láithreacht i bhfad níos láidre úsáid na Gaeilge a fheiceáil sa ghnó agus sa phobail trí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath.

- Ceapann thart ar 88% d'fhreagróirí an tsuirbhé go dtabharfadh úsáid na Gaeilge sa phobal agus sa ghnó braistint féiniúlachta agus áite níos láidre acu.

- Léirigh an suirbhé seo go foriomlán go bhfeicfeadh an chuid is mó d'fhreagróirí buntáiste mór sóisialta agus eacnamaíoch ina gceantar féin mar thoradh ar úsáid agus aithne níos mó ar an nGaeilge.

- Léiríodh aischothú an-dearfach i leith úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge sa ghnó agus sa phobal.

Réamhrá

Léiríonn an tuairisc seo torthaí tionscnaimh taighde a cuireadh faoi lámh ag Muintir Chrónáin Teo agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar ábhar úsáid agus aithne na Gaeilge idir ghnó agus phobal i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

Ba é an príomhchuspóir a bhí againn ná sonraí a thabharfadh tacaíocht d'fhorbairt agus cur chun cinn níos mó na Gaeilge sa ghnó agus sna grúpaí pobal i gContae Bhaile Átha Cliath Theas a sholáthar.

- B'iad seo a leanas cuspóirí an taighde ná:The objectives of the research were to assess the following:
- Caighdeán na Gaeilge labhartha i measc daoine
- Dearcadh ó thaobh úsáid na Gaeilge di
- Limistéir ina spreagfadh úsáid na Gaeilge
- Moltaí /Conclúidí a mheasúnú.

Contae Bhaile Átha Cliath Theas



- Is é ceann de na ceithre cheantar riaracháin taobh istigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Clúdaíonn sé limistéir 227.74 cilloméadar cearnú. Tá sléibhte Bhaile Átha Cliath ar an teorainn theas agus síneann sé ón Life I Leamhcán trí Bhaile Phámar, Cluain Dolcáin agus ó dheas go dtí An Caisleán Nua, Ráth Cúil agus Teach Sagard. Tá Tamhlacht Thiar, Theas agus Láir ann agus síneann sé soir go Teach Mealóg agus go Ráth Fearnáin.
- Is é limistéir iomlán Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ná 227.74 cilloméadar cearnú agus tá daonra de thimpeall 243,000 dhuine ann. Tá ceanncheathrú riaracháin Chontae Bhaile Átha Cliath Theas suite i Hallas an Chontae, Tamhlacht
- D'ullmhaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas a scéim féin um chur chun cinn agus forbairt na Gaeilge taobh istigh den eagraíocht féin.

Muintir Chrónáin Teo.

Bunaíodh Muintir Chrónáin i 1972 mar eagraíocht phobail deonach atá suite in Ionad Cultúrtha na Gaeilge Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 agus is é an cuspóir a bhaineann léí ná an Ghaeilge, Oideachas, Ceol, Rince agus Cultúr na Gaeilge a chur chun cinn i gceantar Chluain Dolcáin agus thar timpeall air. Tá Muintir Chrónáin freagrach as bunú 2 Naíonra LánGhaelach, 3 bunscoil LánGhaelach agus 1 Meánscoil LánGhaelach is responsible for the foundation of 2 All-Irish Pre-schools, 3 All-Irish Primary Schools i gceantar Chluain Dolcáin agus thar timpeall air.

Forbraíodh Ionad Cultúrtha na Gaeilge Áras Chrónáin mar phointe chomhtheagmhála ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge agus cultúr na Gaeilge ní hamháin lastigh de Chluain Dolcáin ach trí Chontae Bhaile Átha Cliath chomh maith.

Gaeilge i nGnó – An Ghaeilge sa Ghnó agus sa Phobal

Cúlra

D'athraigh íomhá na Gaeilge go mór sna bliata beaga anuas agus tá sé seo soiléir mar gheall ar an méid daoine a labhraíonn, a fhoghlamaíonn agus a chuireann suim sa teanga in iúl. Tá deiseanna ann anois nach raibh ann cheana féin an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacs bhaile, agus tá sé seo ag cabhrú go mór leis an teanga. Is mar sin féin a leanaimid ar aghaidh ag déanamh iarracht úsáid gníomhach na Gaeilge a spreagadh, a chur chun cinn agus a fhorbairt idir ghrúpaí phobal agus ghnó.

Cuspóirí 'Gaeilge i nGnó' – G.I.N.G.

- Úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn i ngrúpaí ghnó agus phobal i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.
- Próiseas atá éifeachtach ó thaobh costas agus ama de a chruthú do ghrúpaí ghnó agus phobal ar mhaithe leo bheith páirteach sa tionscnamh.
- Aithne níos fearr na Gaeilge a chruthú.
- Dhá theanga a léiriú tríd an chontae ar aghaidheanna siopaí ghnó, ar stáiseanóireacht agus ar litríocht.
- Polaisaí Corparáideach a bhaineann le chomhlíonadh dhátheangachais ar scála níos mó agus níos sofheicthe.
- Díograis agus suim sa dhátheagachas a chur ar bun ar leibhéal áitiúil.

Comhphártaithe & Cuiditheoirí

Muintir Chrónáin Teo.

Ionad Cultúrtha na Gaeilge Áras Chrónáin

Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas

Turasóireacht Bhaile Átha Cliath Theas

Foras na Gaeilge

Glór na nGael

Modh Taighde

- Dul i gcomhairle le 'Gaillimh Le Gaeilge'
- Taighde bunúsach-Tuairim Phoiblí-Suirbhé
- Moltaí/Conclúidí
- (Suíomh gréasáin) www.ging.ie
- Na céad chéimeanna eile

Dul i gcomhairle le 'Gaillimh Le Gaeilge'

Bunaíodh Gaillimh le Gaeilge i 1987 leis an gcuspóir an Ghaeilge a chur chun cinn, go háirithe mar áis eacnamaíoch, i gceantar na Gaillime. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge i gcomhcheangal le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cumann na Gaillimhe agus grúpaí eile chun íomhá aonair Gaeilge na Gaillimhe a fhorbairt agus Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar chathair dhátheangach chun go mbeadh stádas oifigiúil dhátheangachais bainte amach ag an gcathair.
Deir figiúirí láithreacha gur mheas 74% de na freagróirí i gCathair na Gaillimhe nuair a cuireadh an cheist orthu cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh dhá theanga le feiceáil go soiléir ar fud na cathrach go bhfuil sé an-tábhachtach nó tábhachtach.

Ba iad 'Seirbhísí ar fáil in dhá theanga ón earnáil phoiblí', 'Na meáin ar fáil in dhá theanga' agus 'Dhá theanga le feiceáil go soiléir ar fud na cathrach' ná na trí fachtóir is tábhachtaí i measc freagróirí de lucht labhartha Chathair na Gaillimhe.

Dar leis na daoine sin nach bhfuil aon chumas labhartha Gaeilge acu is é an fachtóir is tábhachtaí don dátheangachas, 'na meáin ar fáil in dhá theanga'.

Bhí an-ghlacadh ag freagróirí neamhnáisiúnta leis an nGaeilge agus bhí roinnt acu nár chuala fúithi riamh

Taighde

Cheapadh ceistneoir sé cheist leis an gcuspóir na rudaí seo a leanas a fháil amach:

- Próifíl an fhreagróir
- Dearcadh an fhreagróir ó thaobh na Gaeilge dí
- Cumas Ghaeilge labhartha an fhreagróir
- Dearcadh maidir le húsáid na Gaeilge sa Ghnó agus sa Phobal
- Réim agus limistéir úsáid na Gaeilge
- Úsáid na Gaeilge agus braistint áite

D'iompar an fhoireann taighde 1010 agallamh aghaidh le haghaidh le freagróirí, fir, mná agus páistí ar fud Chontae Bhaile Átha Cliath ag ceithre ionad:

Lárionad Siopadóireachta Na Cearnóige, lárionad an Mhuillin, Cluain Dolcáin, Lárionad Ghleann na Lige agus Lárionad Leamhcáin.

Torthaí Taighde

Próifíl na bhfreagróirí

Bhí síneadh maith fhearr do bhan agus d'aois ghrúpaí freagróirí an tsuirbhé.

Fir/Mná

Bhí 40% d'fhreagróirí an tsuirbhé ina bhfir agus 60% ina mná.



Aois Ghrúpa

Bhí níos mó ná 45% 35 bliana d'aois nó níos mó.
Bhí 28% faoin aois 25 bliana
Bhí 27% idir 25 bliana agus 35 bliana d'aois



Cad as a thagann siad?

B'as ceantar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas níos mó ná 73% d'fhreagróirí agus as Cathair Bhaile Átha Cliath Theas agus níos faide amach iad an chuid eile.



Dearcadh ó thaobh na Gaeilge dí

Bhí an freagra a thug daoine a ghlac páirt sa suirbhé ar cheist chumas labhartha na Gaeilge a bhí acu an-suimiúil. Chuir an chuid is mó de na freagróirí a cuireadh ceist orthu in iúl mórtas cine láidir agus freagra dearfach de réir an dream a rinneadh an suirbhé. Dúirt níos mó ná 75% d'fhreagróirí an tsuirbhé go raibh sé de chumas acu an Ghaeilge a labhairt ar leibhéil éagsúla.



Fuair foireann an tsuirbhé amach chomh maith go raibh toilteanas láidir ar na freagróirí plé a dhéanamh ar slite éagasúla gur féidir feabhas a chur ar úsáid agus oideachas daoine sa teanga a chur ar fáil.
Is samplaí iad seo den tsórt:

- Go mbainfeadh múineadh na Gaeilge níos mó le húsáid sa ghnáthshaol.
- Go mbeadh níos mó deiseanna an teanga a úsáid i gcomhthéacs an ghnáthashaoil.
- Úsáid níos mó a bhaint as an teanga sa mheáin chumarasáide.
- Láthreacht níos sofheicthe na Gaeilge sa ghnáthshaol.
- Úsáid níos mó a bhaint as an teanga labhartha sa tslí go mbeadh sé praicticiúil sa ghnáthshaol agus muid ag baint úsáid as frásaí bunúsacha.

Leibhéal Ghaeilge Labhartha

Dúirt 25% d'fhreagróirí a fhreagair go raibh Gaeilge acu go raibh caighdéan ard na Gaeilge acu agus dúirt 10% go raibh siad líofa sa teanga.



Dearcadh ar thaobh na Gaeilge sa Ghnó agus sa Phobal

Chuir níos mó ná 78% d'fhreagróirí in iúl gur mian leo úsáid níos leithne na Gaeilge a fheiceáil ina gcuid phobail, ghnó agus siopaí.



Dúirt 94%, uimhir thar na bearta, gur mhaith leo léiriú níos sofheicthe na Gaeilge a fheiceáil, mar shampla:

- Aghaidheanna Siopaí
- Taobh istigh de na siopaí
- Sna Bainc
- Ar Phostaeir
- Ar bhiachláracha
- Ar Chártaí ghnó agus ar stáiseanóireac



Chuirfeadh 76% d'fhreagróirí fáilte roimh seirbhísí a fháil trí Ghaeilge, is é sin a rá, go mbeadh deis an Ghaeilge a labhairt agus go labhródh an Ghaeilge leosan.



Use of Irish Language and a sense of identity / place

An interesting finding from the survey is that over 89% of respondents expressed that they felt a strong sense of identity and place would be created by the use of Irish within the community and businesses in their area and in South Dublin County.



Moltaí/Conclúidí:

Tá sé an-shoiléir ó thorthaí an tsuirbhé go ginearálta gur mhaith le daoine níos mó Gaeilge a fheiceáil agus a chloisteáil in úsáid in eagraíochtaí ghnó agus phobail trí Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

Chuirfeadh an chuid is mó d'fhreagróirí fáilte roimh dheis úsáid níos mó a bhaint as an teanga labhartha ar leibhéal bunúsach sa ghnáthshaol trí deileáil le grúpaí éagsúla ghnó agus phobail.

Chuirfeadh úsáid níos leithne na Gaeilge sa ghnó agus sa phobal ar leibhéal áitiúla agus tríd an reigiúin ar fad feabhsú ar fhéiniúlacht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas chomh maith le buntaístí ar an gContae..

Chuirfeadh daoine an-fháilte roimh dheiseanna úsáid na Gaeilge.

Caithfidh go mbeadh teacht níos fear ar an nGaeilge agus cúrsaí Ghaeilge i slí atá neamhfhoirmiúill (caiféanna agus spásanna poiblí) agus go mbeadh so-rochtaineacht tábhachtach do ghach ghrupa ó gach earnáil.

Forbrófar agus seolfar suíomh ghréasáin a thabharfaidh cur chun cinn agus tacaíocht den choincheap 'Gaeilge i nGnó' trí chabhair agus treoir a thabhairt d'eagraíochtaí phobail agus ghnó ar chonas an Ghaeilge a thabhairt isteach, a fhorbairt, a chur chun cinn agus a úsáid.

Gaeilge i nGnó

Aguisín a hAon:

Foireann Taighde:
Aoileann Nic Dhonnacha, Oifigeach Gaeilge, Comhairle Contae Átha Cliath Theas
Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Brían Ó Gáibhín, Oifigeach Forbartha, Muintir Chrónáin Teo.
Áras Chrónáin Ionad Cultúrtha, Bóthar an Úlloird, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.

Barbara Leydon, Céimí Margaíochta, Cúntóir sealadach san Oifig Ghaeilge,
Comhairle Contae Átha Cliath Theas Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Naomi Ambury, Oifigeach Gaeilge Cunta,
Comhairle Contae Átha Cliath Theas Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.